an tAontas Eorpach



# An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla

# AN FEASACHÁN

**Tá BELC 1 bhliain d'aois go díreach!**

**Bliain** tar éis a sheoladh, tá áthas ar líonra An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla an dara heagrán dá fheasachán a chomhroinnt!

Tá aimsiú an phobail ag **leathnú go tapa**, agus faightear iarratais nua go rialta. Táimid níos sásta fós leis an bhfás ar an ráta ballraíochta i ngach tír AE. Tá talamh úr á bhriseadh ag an Rómáin: a bhuí leis an gcomhar mórluachmhar idir príomh-gheallsealbóirí rialtais áitiúla agus Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh i mBúcairist, tá iarratais ar dhul isteach sa líonra faighte ó thart ar 100 bardasacht agus comhairleoir áitiúil le cúpla mí anuas.

Gheofar san fheasachán seo den chéad uair **tionscnaimh agus dea-chleachtas ó bhaill BELC**, mar aon lena n-aird ar íogaireachtaí áitiúla, agus aibhsítear ann seirbhísí leanúnacha an Choimisiúin Eorpaigh, lena n-áirítear cuairteanna agus seimineáir ghréasáin, atá dírithe i ngach cás ar **chomhairleoirí áitiúla a chumhachtú chun an tAontas Eorpach a chur in iúl dá saoránaigh**.

| 750 | 400 | 150 |
|---|---|---|
| Ball go dtí seo | clárú ar ardán Futurium | réigiún clúdaithe |

## Baill i mbun gnímh

Chuaigh baill BELC i gceannas le linn **Lá na hEorpa** 2023. Chuaigh siad i gcomhar lena bpobail, ag eagrú imeachtaí comhoibritheacha a cheiliúir fís chomhroinnte AE don tsíocháin agus don tslándáil.

Mar shampla: in **Vila Nova de Famalicão**, an Phortaingéil, chuaigh scaoileadh Bhratach an Aontais ag an Méara agus "Ode to Joy" á sheinm, i gcion ar phobal áitiúil 250 duine, a ghlac páirt níos déanaí i mórshiúl ar son Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe. Ag ceiliúradh i réigiún **Rhein-Neckar-Kreis** na Gearmáine, bhí banna máirseála bríomhar i Mannheim agus bhí ionad faisnéise ar fáil ag a raibh caint is comhrá ag comhairleoirí áitiúla le saoránaigh, ag plé tionscnamh AE agus rannpháirtíocht áitiúil. Léirigh agallamh leis an mball Gearmánach Ralf Frühwirt **ar stáisiún áitiúil teilifíse** aidhmeanna agus gníomhaíochtaí líonra BELC, rud a chuir béim ar thiomantas a gcomhairle áitiúla. Thug **an bardas Iodálach Macerata** cuireadh speisialta do mhic léinn, a chomhroinn a n-eispéiris agus a ndearcadh i leith staidéir, oiliúna, oibre, oibre deonaí agus i leith páirt a ghlacadh i ngníomhaíochas san Aontas.

Thosaigh an**Comhairleoir Portaingéalach** Francisco Pombo Lopes an chéad leathanach tiomnaithe Facebook; oscail é ag **BELC – Castelo Branco**



## BELC a chur chun cinn do lucht spéise speisialta ar fud an Aontais

Cuireadh BELC i láthair ag ceann de na seisiúin ba mhó freastail le linn an **14ú Comhdháil EuroPCom** an cruinniú bliantúil is mó san Eoraip de shaineolaithe i réimse na cumarsáide poiblí, an 26–27 Meitheamh sa Bhruiséil. Roinn an ball BELC Lavinia Bianchi ón Iodáil a taithí ar an Eoraip a chur in iúl sa phobal áitiúil agus mhalartaigh sí tuairimí le daoine eile ar an bpainéal, lena n-áirítear ionadaí ardleibhéil ó Choiste na Réigiún agus iriseoir a bhfuil taithí speisialtóra aige ar an bpreas áitiúil. Ba é **Pia Ahrenkilde Hansen**, Ard-Stiúrthóir na Cumarsáide sa Choimisiún Eorpach, a chuir clabhsúr leis an seisiún trí bhéim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dul i mbun cumarsáide ag an leibhéal áitiúil leis na líonraí. Féach ar thaifeadadh de phlé an phainéil ar BELC **anseo**.

## Baill BELC ag trasnú teorainneacha náisiúnta

Ghlac grúpa de 6 bhall BELC ón Iodáil, ón Fhrainc, agus ón Spáinn páirt in **Idirphlé Trasnáisiúnta leis an Saoránach** ar 25–26 Bealtaine i Lyon. Ba iad Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh sa Fhrainc, Cathair agus Bardasacht Lyon, agus EUROPE DIRECT Lyon Métropole a d'eagraigh an ócáid. Thug sé deis do bhaill BELC a saincheisteanna áitiúla a phlé thar lear le piaraí ó áiteanna éagsúla san Eoraip.

**Bhí ball Iodálach BELC** Fabio Zucca i measc na rannpháirtithe a ghlac páirt ghníomhach i gcomhráite tuisceanacha ar an tsineirge idir an tAontas agus rialtais áitiúla. Chabhraigh na seisiúin chun naisc thrasteorann a neartú agus comhoibriú áitiúil amach anseo a chur chun cinn, rud a shaibhreoidh tuilleadh stór acmhainní bhaill BELC.

## Imeachtaí & tionscnaimh AE

An 24 Aibreán, thionól Ionadaíocht AE in Málta **a chéad imeacht a bhí dírithe ar fheasacht a chothú ar líonra BELC agus a mhisean**. Tháinig comhairleoirí áitiúla le chéile i Valletta chun tuilleadh a fhoghlaim faoin líonra agus conas a bheith páirteach ina phobal atá ag éirí níos líonmhaire i gcónaí.

Chuir Alison Zerafa Civelli, Rúnaí Parlaiminte don Rialtas Áitiúil laistigh den Aireacht Oidhreachta Náisiúnta, Ealaíon agus Rialtais Áitiúil, a tacaíocht don tionscnamh in iúl. Is cúis áthais dúinn an méadú ar líon na n-iarratas ó Málta a tharla tar éis an imeachta.

Féach an **físeán** ón ócáid agus coinnigh súil amach le haghaidh imeachtaí eile atá á n-eagrú i mBallstáit AE le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach.

© Coimisiún Eorpach

Bhí BELC i láthair ag **Cúnant Bliantúil na Méaraí 2023**, ar an 30 Márta sa Bhruiséil, áit ar chomhroinn údaráis áitiúla na dúshláin a bhí rompu ó thaobh déileáil leis an ngéarchéim leanúnach fuinnimh.

Bhí deis ag rialtais áitiúla labhairt le hionadaithe ardleibhéil ó Institiúidí Eorpacha, lena n-áirítear Frans Timmermans, an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, agus Kadri Simson, Coimisinéir AE um Fhuinneamh, Parlaimint na hEorpa, agus Coiste na Réigiún.

© Aontas Eorpach

# Pobal BELC a neartú

## Seimineáir ghréasáin

Bliain amháin ó seoladh an líonra go hoifigiúil, tá a chomhaltaí go léir, atá i láthair i 23 tír, curtha in aithne don phobal anois trí shraith seimineár gréasáin fáilte.

Nuair a chuirtear ar bord iad, tá rochtain ag comhpháirtithe BELC ar sheimineáir ghréasáin **ar thopaicí AE ar leith, ina dteanga féin**, ionas gur féidir leo tuilleadh a fhoghlaim ó shaineolaithe CE agus, ar deireadh thiar, an fhaisnéis a bhaineann lena réigiúin agus lena dtoghthóirí a roinnt lena dtoghcheantair.

Logáil isteach in Futurium chun tuilleadh a fháil amach faoin seimineár gréasáin a reáchtáladh do chomhaltaí na Fraince an 4 Aibreán ar spóirt san Aontas, an seisiún ar líne do chomhaltaí Iodálacha ar an turasóireacht agus an tAontas, agus seimineár gréasáin do chomhaltaí Gearmánacha ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh. Beidh breis seimineár gréasáin ann amach anseo!

## Cuairteanna na mball ar an mBruiséil

Fáiltíodh roimh chomhairleoirí áitiúla **ón Iodáil, ón Spáinn, ón Phortaingéil, ón nGearmáin agus ón Bhulgáir** go dtí an Bhruiséil, croílár an Aontais Eorpaigh, le linn cuairteanna a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach chun comhroinnt eolais agus comhar idir rialtais áitiúla agus Institiúidí AE a chothú tuilleadh.

Le linn na gcuairteanna sin, bíonn **rochtain faoi phribhéid ag baill BELC ar shaineolaithe AE agus ar ionadaithe ardleibhéil** ón gCoimisiún Eorpach, ó Pharlaimint na hEorpa, agus ó Choiste na Réigiún, chun iniúchadh a dhéanamh ar thopaicí AE a bhaineann go díreach lena dtoghcheantar. Mar shampla, bhí deis ag Feisirí ón Spáinn an AE agus a thodhchaí a phlé leis an bhFeisire Doménec Ruiz Devesa agus beartas eachtrach a phlé leis an Uasal Camilo Villarino, Ceann Comh-Aireachta an Choimisinéara Borrel. Bhí malartuithe fairsinge ag toscaireacht na Gearmáine i dtaobh dúshlán eacnamaíoch agus gheopholaitiúil leis an Uasal M. Hager, Ceann Comh-aireachta an Leas-Uachtarán Dombrovskis.

I bhfocail Solange Baraldi, ón bhardasacht Iodálach Casalgrande, tá sé mar aidhm ag líonra BELC 'cainéal tosaíochta a thairiscint do chomhairleoirí áitiúla chun cumarsáid a dhéanamh leis na húdaráis riaracháin, agus leis an bpobal Eorpach agus lenár saoránaigh.'

Bí páirteach i dtaithí na mball, féach an dá fhíseán faoin gcuairt **anseo** agus **anseo**.

© Isabella Masaise Weckerle

an tAontas Eorpach

# Cúinne na mball

## Do phríomhábhair spéise AE

**500 freagra ar an sainsuirbhé AE**curtha isteach go dtí seo ag baill agus ag bardasachtaí. Más ball tú nár fhreagair an suirbhé sonrach go fóill, déan anois é! Tríd na saincheisteanna is tábhachtaí i do thoghcheantar a chur in iúl, gheobhaidh tú rochtain láithreach ar fhaisnéis oifigiúil faoi **thionscnaimh, réitigh agus deiseanna AE** a bhaineann leat. Cuidíonn do chuid freagraí freisin leis an gCoimisiún Eorpach ábhair de chuid AE a sholáthar i ngach teanga oifigiúil de chuid an AE chun tacú le do ghníomhaíochtaí cumarsáide i do thoghcheantar, agus chun seimineáir théamacha nó seisiúin dhéthaobhacha a eagrú le linn na gcuairteanna ar an mBruiséil.

## Na 5 thopaic AE is coitianta a roghnaigh baill BELC go dtí seo:

- Luachshocrú na hoidhreachta & na dtraidisiún cultúrtha
- Cathracha inbhuanaithe
- Deiseanna eacnamaíochta i gceantair tuaithe, lena n-áirítear d'fheirmeoirí óga
- Rochtain ar oideachas (ardchaighdeáin), lena n-áirítear oideachas don inbhuanaitheacht comhshaoil agus don digitiú
- Rochtain ar sheirbhísí digiteacha poiblí

## Leabharlann shaibhir d'ábhair ar thopaicí AE

Leas a bhaint as rochtain eisiach ar **raidhse acmhainní oifigiúla AE** bunaithe ar do fhreagra ar an suirbhé sonrach! Tá siad ar fáil i Leabharlann Futurium, le húsáid chun cumarsáid a dhéanamh le saoránaigh ar na hábhair AE is mó a bhaineann le do thoghcheantar. Coinnigh súil amach don eolas atá le teacht ar Shláinte Phoiblí, Taighde, Nuálaíocht, agus go leor eile.

## Síniú amhairc

Tá síniú amhairc oifigiúil líonra BELC ar fáil anois!

Is féidir an síniú amhairc a úsáid ar d'ábhar cumarsáide go léir a chruthaítear laistigh de chreat líonra BELC, agus cuireann sé ar do chumas do theachtaireachtaí a phearsantú agus aitheantas an líonra a threisiú.

Aimsigh é i roinn na **nÁbhar Cumarsáidel**. Féach sampla thíos:

An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla

Méadaigh aimsiú líonra BELC agus cuir an tAontas Eorpach in iúl laistigh de do phobal féin.

Mar bhall den líonra, is leatsa spás Futurium! Seo áit ar féidir leat teacht ar ábhair AE agus an tslí **a ndéileálann tú** le hábhair AE laistigh de do dháilcheantar a thaispeáint. Is féidir leat pictiúir de do chuid imeachtaí ina bhfuil ábhair chumarsáide, smaointe, agus straitéisí BELC ar éirigh leo a chomhroinnt.

Bain úsáid as do theanga féin. Cabhróidh an t-aistriúchán uathoibríoch leat idirghníomhú leis na baill eile.

Mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin, **cláraigh do Futurium anseo**.

Má tá aon cheist agat, téigh chuig láithreán gréasáin **An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla**, féach na **Ceisteanna Coitianta** nó déan teagmháil linn ag **info@eu-councillors.eu**